STAIR NA HEIREANN I 100 READ, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 & 6

Gaiste Éisc Méisiliteach c.5000 RC

Fadó fadó. Agus fadó fadó riamh. Chomh fada sin siar a bhí sé go bhfuil sé deacair a thuiscint chomh fada siar a bhí sé. Ní 50 bliain ó shin a bhí ann ná céad bliain ó shin na cúpla céad bliain ó shin ná míle bliain ó shin fiú amháin.

Ní hea, 7,000 míle bliain ó shin a bhí ann.

Dá bhrí sin, ní mór dúinn anáil a tharraingt chun machnamh a dhéanamh faoin méid sin. 7,000 bliain. Bhí na daoine thar a bheith difriúil an tráth sin. Ní raibh an cineál céanna éadaí acu agus atá againne anois ná ní raibh an cineál céanna tithe acu agus atá againne anois ná níor labhair siad na teangacha a labhraímidne anois. Ba ghnách leo bogadh thart go minic le coinneáil suas leis na hainmhithe a bhíodh á seilg acu le haghaidh bia agus ba ghnách leo cuid mhór ama a chaitheamh ag faire amach do mhic tíre agus do bhéir a d'fhéadfadh iad a ionsaí gan choinne. (Agus is fíor go raibh mic tíre agus béir ann in Éirinn an tráth sin!)

Ach b'éigean do na daoine a scíth a ligean, b'éigean dóibh codladh agus b'éigean dóibh ithe. Agus cé go raibh saol an-chrua acu, is eol dúinn gur thug siad aire dá chéile agus gur oibrigh siad le chéile agus gur inis siad scéalta dá chéile.

Scéalta den chineál seo a leanas:

Bhí cailín ina suí amuigh faoin ngrian i rith an tsamhraidh agus gaiste éisc á dhéanamh aici as géaga tanaí crann a lúb sí agus a d'fhigh sí ina bhfráma cónúil. Is minic a d'fhéach sí ar na haosaigh ina treabh agus iad i mbun gaistí den tsamhail cheannann céanna a dhéanamh. Bhídís ag caint agus ag gaire de réir mar a bhí a méara ag brú na ngéag isteach ina n-ionad go tapa. Uair nó dhó, ligfidís dise triail a bhaint as freisin.

Ach, an lá airithe seo, bhí sé meáite ar ghaiste a dhéanamh í féin.

Tharla go raibh sé i bhfad níos deacra ná mar a bhí aici súil leis. Díreach agus í ar tí cuid amháin a chríochnú léim géag amach agus isteach ina haghaidh, rud a tharraing fuil as áit gar dá súil. Baineadh geit aisti agus chaith sí an gaiste uaithi le tréan feirge. Ach bhí a deartháir ag féachaint uirthi ón áit a raibh sé faoi chrann in aice láimhe. Thóg sé an gaiste a chaith a dheirfiúr uaithi agus thosaigh asé ag obair ar dheisiú na coda a raibh na deacrachtaí ag baint léi.

Tamall ina dhiaidh sin, bhí an gaiste réidh lena úsáid. Faoin am sin, bhí an cailín imithe ar ais chuig an láthair champála tar éis di a créacht a ghlanadh le duilleoga planda áirithe. Thaispeáin an buachaill an gaiste dá dheirfiúr agus rith siad le chéile chuig an loch lena chur faoin uisce. Ach sula ndearna siad sin, fuair siad cloch ghéar agus chuir siad gearradh beag ar cheann de na géaga gar do bharr an chóin. Bhí trí ghaiste éisc eile ann cheana féin sa loch agus theastaigh uathu a bheith cinnte go mbeadh a fhios acu cén ceann a bhain leo féin.

An tráthnóna sin, chuaigh siad síos chuig an loch lena fháil amach ar oibrigh a ngaiste. Agus an féidir leat a shamhlú conas a mhothaigh siad nuair a chonaic siad trí bhreac dhonna ag lúbarnaíl istigh sa ghaiste.

Agus, dá bhrí sin, chuir duine den bheirt an gaiste go cúramach faoi uisce an locha gar don chladach.

Go dtí lá áirithe nuair a bhí sé ag cur báistí gan stad. Bhí an bháisteach chomh trom sin go raibh an láthair champála faoi uisce gan mhoill. Bhí imní ar an treabh go dtiocfadh na béir agus na mic tíre amach as a n-áiteanna folaigh de bharr na dtuilte. Rinne siad cinneadh bogadh chuig talamh níos airde láithreach. Ní raibh aon am ann chun a ngiuirléidí ar fad a bhailiú le chéile agus ní raibh an t-am ann chun ceithre ghaiste éisc a fháil ón loch.

Ní bheidh a fhios againn choíche, ar ndóigh, an é sin an rud a tharla dáiríre, ach táimid cinnte – cinnte dearfa – gur fágadh ceithre ghaiste éisc i loch. Ar feadh tréimhse an-fhada. Tréimhse chomh fada sin gur draenáladh an loch go mall agus gur fhás portach thart ar na gaistí agus gur brúdh iad isteach sa mhóin dhubh bhog.

Shín plandaí agus bláthanna amach as an talamh os a gcionn. Bhí feithidí agus éin ag eitilt os a gcionn. Shiúil daoine, agus rith siad agus rinne siad béicíl agus súgradh, díreach os a gcionn. Bholaigh ainmhithe an ithir bhog gar do na cóin adhmaid, agus rinne siad priocadh ann agus mhún siad ann.

Agus fuair na plandaí agus na bláthanna sin bás ansin. Agus fuair na feithidí agus na héin sin bás. Agus fuair na hainmhithe agus na daoine bás. Agus tháinig glúnta eile ina ndiaidh. Agus nuair a fuair siad sin bás freisin, agus cuid mhór glúnta eile i ndiaidh a chéile, agus i rith an ama sin go léir bhí na gaistí éisc ann i gcónaí agus iad i bhfolach go ciúin san ithir thais.

Is é sin go dtí le déanaí nuair a cinneadh bóthar a thógáil sa cheantar sin. B'éigean tochailt a dhéanamh agus b'éigean do sheandálaithe an ithir a scrúdú ar eagla – ar eagla na heagla – go raibh aon rud spéisiúil i bhfolach faoi bhun an dromchla.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann RIA Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy